Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. en, pl)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0405(NLE)**

**9133/22**
**ADD 1**

**EMPL 166**
**SOC 267**
**EDUC 152**
**ECOFIN 432**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama phearsanta<br>– Ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Polainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Polainne maidir leis Moladh ón gComhairle thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR I nDÁIL AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUNTAIS FOGHLAMA PHEARSANTA

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, tagraítear i dtéacs an Mholta ón gComhairle maidir le cuntais foghlama phearsanta do roinnt doiciméad, ar thíolaic an Ungáir ráiteas náisiúnta ina leith roimhe seo. Seasann an Ungáir leis na ráitis náisiúnta uile a rinne sí roimhe seo.

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN I nDÁIL LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUNTAIS FOGHLAMA PHEARSANTA**

‘Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, áit a dtagraítear don chomhionannas inscne sa Mholadh, déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, le hAirteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chomh maith le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.’